# Polasaí Gaeilge

# Gaelscoil Thulach na nÓg

## <u>Plean Scoile Gaeilge</u>

- Ábhar:


- Réamhrá
- Réasúnaíocht
- Gaol le cultúr na scoile.
- Fís agus Aidhmeanna
- Cuspóir
- Pleanáil Curaclaim
- Teanga Ó Bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht
- Rannpháirtíocht Tuismitheoirí
- Obair bhaile
- Páistí le Riachtanais Bhreise
- Comhionannas Rannpháirtíochta agus Rochtana
- Measúnú agus Coimeád Taifead
- Pleanáil Múinteora Aonair
- Forbairt Foirne
- Critéir Ratha
- Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú
- Aguisíní



Gaelscoil Thulach na nÓg

**G:01-8252858** **S: www.tulach.ie**
**R:tulach@eircom.net**

# POLASAÍ GAEILGE GAELSCOIL THULACH NA NÓG

## Réamhrá

Is scoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil Thulach na nÓg i nDúnbúinne, Co. na Mí atá faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, a freastalaíonn ar an éileamh do bhunoideachas trí Ghaeilge sa cheantar áitiúil. Cuireadh an polasaí seo le chéile le comhoibriú ó Mhúinteoirí, Choiste na dTuismitheoirí agus Bhord Bainistíochta na scoile. Leagtha amach thíos ná an polasaí maidir le labhairt agus úsáid na teanga sa scoil.

Is scoil lán-Ghaeilge muid, ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga cumarsáide na scoile; déantar gach gnó agus teagaisc i ngach ábhar seachas an Bhéarla, trí Ghaeilge. Is í an Ghaeilge an príomh teanga chaidrimh sa scoil. Labhraíonn na múinteoirí agus na daltaí Gaeilge eatarthu féin. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí chun;

o Creat a sholáthar do phleanáil níos sainiúla. o Cabhrú agus treoir a thabhairt do mhúinteoirí ina n-aonar o An polasaí a nuashonrú chun freastal ar riachtanais na scoile agus chun freastal orthu, de réir Churaclam nua Teangacha na Bunscoile.

Leanfar ag athbhreithniú an pholasaí le linn na bliana acadúla seo.

## Réasúnaíocht:

Is é an misean atá againn ná an t-oideachas is fearr agus is féidir a chur ar fáil d'ár bpáistí ag comhcheangal curaclam na Bunscoile Gaeilge agus éiteas na Gaelscoile. Cothaíonn sé seo forbairt a gcuid buanna agus a gcumais agus pearsantachtaí na bpáistí. Creidimid go mbainfidh múinteoirí agus ár ndaltaí leas as an clár comhordaithe foghlama seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Is é seo a leanas an réasúnaíocht atá taobh thiar den phlean seo;

- Creidimid go gcuirfidh cumas ár ndaltaí cumarsáid líofa, muiníneach agus éifeachtach go mór lena bhfás pearsanta. Creidimid freisin go mbraitheann a ndul chun cinn acadúil cuid mhór ar a gcumas cumarsáid ó bhéal agus tríd an bhfocal scríofa.
- Tá súil againn go mbeidh an plean seo ina uirlis úsáideach do mhúinteoirí, ag tabhairt treoirlínte dóibh i múineadh na teanga mar go bhfuil an teanga Gaeilge ag croílár fhoghlaim na bpáistí.
- Mar gheall ar an bhfás ar líon na ndaltaí, atá sa scoil le blianta beaga anuas, tá sé tábhachtach creat a bhunú do mhúineadh na teanga sa scoil chun a chinntiú go bhfuil leanúnachas agus comhsheasmhacht sa churaclam teanga ó rang go rang agus a

chinntiú go bhfuil gach réimse den churaclam a chlúdach le linn bhunscoil an pháiste.

**Gaol le cultúr na Scoile**

Is í an Ghaeilge teanga theagaisc agus chaidrimh na múinteoirí agus na bpáistí, mar sin múinfear an Béarla mar dhara teanga. Chun sealbhú ár gcéad teanga (Gaeilge) a chinntiú trí mhodh an tumoideachais iomláin cuirimid moill ar chur i bhfeidhm an churaclaim Bhéarla go dtí Téarma 2 de na Naíonáin Shinsearacha.

**Fís agus Aidhmeanna an Phlean Teanga:**

Táimid dírithe ar fhorbairt iomlán na ndaltaí go léir. Creidimid go bhfuil forbairt a gcuid scileanna teanga riachtanach chun ligean do pháistí barr a gcumas a bhaint amach agus go gcuirfidh sé lena bhféinmhuinín agus lena bhfás pearsanta.

- Dearcadh dearfach a chothú agus tuiscint a fhorbairt ar luach teanga – labhartha, léite, scríofa

- Cruthaigh, cothaigh agus neartaigh ábaltacht na bpáistí iad féin a chur in iúl i dtaobh gcumarsáid
- Forbairt ar chumas an pháiste dul i ngleic leis an gcaidrimh idir éisteoir-cainteoir Muinín agus inniúlacht a fhorbairt san éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.
- Cumas cognaíocha a fhorbairt agus an cumas smaointeoireacht a shoiléiriú trí theanga ó bhéal, scríbhneoireacht agus léitheoireacht
- Cuir ar chumas an pháiste léamh agus scríobh go neamhspleách
- Feabhas a chur ar fhorbairt mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil trí chumarsáid, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

•

**Cuspóirí**

*Tríd an gclár Gaeilge tá sé mar aidhm againn cur ar chumas an pháiste;*

- Sásamh agus sult a bhaint as gníomhaíochtí teanga
- Forbairt a dhéanamh ar scileanna *éisteachta gníomhach* agus tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le ton, léiriú gnúise agus poncúlacht
- Foghlaim conas teanga ó bhéal a thuiscint agus teanga ó bhéala a úsáid go héifeachtach i gcásanna sóisialta
- Forbairt leanúnach ar stór focal na bpáistí agus tuiscint mhaith ar ghramadach, ar chomhréir agus ar phoncaíocht
- Smaointe agus coincheapanna a fhiosrú agus a fhorbairt trí chaint, trí phlé faoi threoir agus trí scríbhneoireacht
- Na príomhphointí, na saincheisteanna agus an bhrí lárnach a bhaineann le téacs nó le cur i láthair ó bhéil a aithint agus a mheas agus an fhaisnéis a fhaightear a eagrú go héifeachtach
- Tuairimí a phlé agus a chosaint agus argóintí a chur i láthair ó bhéal agus i scríbhinn
- A gcuid mothúcháin, tuiscintí, agus smaointe a chur in iúl mar fhreagra ar chásanna fíor agus samhailteach trí chaint, trí phlé agus trí scríbhneoireacht.
- Eispéiris a eagrú, a shoiléiriú agus a leathnú trí ghníomhaíocht teanga ó bhéal agus trí scríobh
- Imeachtaí don fhilíocht, don fhicsean agus do na healaíona a fhiosrú agus a chur in iúl agus freagairt aeistéitiúil a fheabhsú trí ghníomhaíocht teanga ó bhéal agus trí scríbhneoireacht
- Cásanna samhlaíocha a chruthú, a fhorbairt agus a chothú trí chaint, trí phlé agus trí dhráma tobchumtha
- A gcuid scéalta agus dánta féin a chumadh, a insint agus a scríobh
- Na gnéithe spraíúla teanga go léir a fhiosrú, a thriail agus taitneamh a bhaint astu
- Feasacht ar phriontáil a fhorbairt, tuiscint ar chuspóirí an chló, agus smacht ar na bealaí éagsúla a dtagann brí agus as an bprionta

  Raon scileanna a fhorbairt a chuireann leis an cumas léitheoireachta, feasacht fóinaice, agus straitéisí chun focla a aithint trí stór focal radhairc a fhorbairt.
- Straitéisí tuisceana a fhorbairt
- Feasacht a fhorbairt ar shaibhreas agus ar éagsúlacht an ábhair léitheoireachta atá ar fáil agus a léitear ó théacsanna éagsúla a bhfuil castacht ag méadú de réir a chéile
- Ábhar léitheoireachta a roghnú agus sásamh a bhaint as léitheoireacht chiúin
- Scríobh i seánraí éagsúla atá oiriúnach do riachtanais scoile agus lasmuigh
- Foghlaim conas an scríbhneoireacht a chur in eagar agus stíl cur i láthair cuí a fhorbairt
- Stíl phearsanta scríbhneoireachta a fhorbairt agus foghlaim conas leibhéil chuí foirmeáltachta a úsáid sa scríbhneoireacht

- 
- A gcuid scríbhneoireacht agus a gcuid freagraí a roinnt le páistí eile agus le daoine fásta
- Teicneolaíocht ríomhaireachta a úsáid le foghlaim conas scríobh go héifeachtach agus chun faisnéis a chur ar fáil
- Cur le forbairt na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta trí rannpháirtíocht tuismitheoirí agus caomhnóirí

**Pleanáil Curaclaim:**

Leagtar amach i gCuraclam Teangacha na Bunscoile na cuspóirí leathana, an t-ábhar agus na modheolaíochtaí do mhúineadh agus foghlaim na teanga labhartha, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Tá Curaclam Teangacha na Bunscoile leagtha amach de réir snáitheanna, gnéithe agus torthaí foghlama. Sa phleanáil, roghnaíonn an fhoireann na snáitheanna Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht le húsáid.

Is iad seo a leanas na gnéithe d'fhoghlaim teanga trasna gach ceann de na snáitheanna;

- Cumarsáid,
- Tuiscint agus Taiscéalaíocht
- Fiosrú agus Úsáid.

Tá sraith de thorthaí foghlama ag gach eilimint i dtéarmaí coincheapa, meonta agus scileanna.

Tá an-tábhacht ag baint le comhtháthú na teanga ó bhéal, leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht agus cé go bhfuil idirdhealú déanta ag an bpleanáil idir na snáithaonaid seo, bítear ag súil go praiticiúil go mbeidh naisc láidir eatarthu.

**Forbhreathnú ar thorthaí foghlama:**

| | Oral Language<br>Teanga ó Bhéal | Reading<br>Léitheoireacht | Writing<br>Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|
| **Communicating**<br>Cumarsáid | **Engagement, listening and attention**<br>Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | **Engagement**<br>Rannpháirtíocht | **Engagement**<br>Rannpháirtíocht |
| | **Motivation and choice**<br>Inspreagadh agus rogha | **Motivation and choice**<br>Inspreagadh agus rogha | **Motivation and choice**<br>Inspreagadh agus rogha |
| | **Social conventions and awareness of others**<br>Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | | |
| **Undertsanding**<br>Tuiscint | **Sentence structure and grammar**<br>Struchtúr abairte agus gramadach | **Conventions of print and sentence structure**<br>Gnásanna cló agus struchtúr abairte | **Conventions of print and sentence structure**<br>Struchtúr abairte agus gnásanna cló |
| | **Vocabulary**<br>Stór focal | **Vocabulary**<br>Stór focal | **Vocabulary**<br>Stór focal |
| | **Demonstration of understanding**<br>Léiriú tuisceana | **Phonics, word recognition and word study**<br>Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail | **Spelling and word study**<br>Litriú agus staidéar ar fhocail |
| | | **Phonological and phonemic awareness**<br>Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach | |
| **Exploring and using**<br>Fiosrú agus úsáid | **Requests, questions and interactions**<br>Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | **Purpose, genre and voice**<br>Cuspóir, seánra agus guth | **Purpose, genre and voice**<br>Cuspóir, seánra agus guth |
| | **Categorisation**<br>Catagóiriú | **Comprehension**<br>Tuiscint | **Writing process and creating text**<br>Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs |
| | **Retelling and elaboration**<br>Athinsint agus mionléiriú | **Response and author's intent**<br>Freagairt agus intinn an údair | **Response and author's intent**<br>Freagairt agus intinn an údair |
| | **Playful and creative use of language**<br>Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach | **Fluency and self-correction**<br>Líofacht agus féincheartú | **Handwriting and presentation**<br>Peannaireacht agus cur i láthair |
| | **Information giving, explanation and justification**<br>Eolas, míniú agus údar a thabhairt | | |
| | **Description, prediction and reflection**<br>Cur síos, tuar agus machnamh | | |

**Lch 19, PLC**

# Teanga ó bhéal

**Aidhmeanna:**

Tá an teanga ó bhéal mar bhonn don léitheoireacht agus don scríobh ar fad. Tosaíonn na ceacht le teanga ó bhéal agus scileanna a fhorbairt tríd na hábhair tríd an lá scoile. Is féidir le múinteoirí teanga ó bhéal in ionad tascanna scríobh go háirithe ag feabhsú stráitéisí tuisceanna. Úsáidfear ceisteanna ag léibhéal éagsúla chun smaointeoireacht níos airde a fhorbairt.

Is é an aidhm don phlean seo;
• Bainigí sult as gníomhaíochtaí teanga
• An cumas a fhorbairt chun iomas, mothúcháin, imprisean, idéanna agus frithghníomhartha a chur in iúl mar fhreagra ar chásanna fíor agus samhailteach trí chaint agus trí phlé, agus trí smaointe a fhorbairt.
• Líofacht, soiléireacht agus muinín a fhorbairt sa chumarsáid.
• Scileanna éisteachta, gnásanna teanga, stór focal, freagairt aeistéitiúil agus ionramháil teanga a fhorbairt.

**Teanga Ó Bhéal discréideach:**

Déileáiltear le foirm, struchtúr, úsáid teanga agus gramadach le linn am teanga ó bhéal discréideach. Moltar na páistí chun úsáid a bhaint as fuaimniú ceart, gramadach srl, agus iad ag labhairt. Múintear teanga ó bhéal discréideach ag baint úsáid as na heiseamláirí ón gcuraclam mar threor. Tá na heiseamláirí le feiceáil in (Aguisín 1).

**Teanga Ó Bhéal chomhtháite tríd an bpróiseas Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta:**

Forbrófar na gníomhaíochtaí agus na scileanna teanga labhartha seo a leanas trí theagasc na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta: Straitéisí tuisceana, taithí teanga, meabhairmhapaí agus smaoineamh os ard ag an gcéim réamhscríbhneoireachta, cathaoir an údair, úsáid an úrscéil, próiseas na scríbhneoireachta, piaraí agus comhdháil le múinteoirí srl.

**Teanga Ó Bhéal a Chomhtháthú trasna an Churaclaim -**

Tá teanga ó bhéal rí-thábhachtach chun na hábhair scoile eile a lámhseáil. Mar shampla; Comhráite agus díospóireachtaí, léirthuiscint ar ealaín, tuairimí a nochtadh, cur síos a dhéanamh srl. Tá gach scil anseo riachtanach I ngach ábhair ach feabhsóidh rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí seo scileanna na bpáistí freisin.

**Aistear:**

Tá ról lárnach ag Aistear sna ranganna naíonáin chun feasacht stór fhocail agus an spraoi a choimeád lárnach sa churaclam.

*See Appendix 1 – 5 Components of Oral Language*

**PDST – Effective Oral Language Instruction**

**Eiseamláirí de na Feidhmeanna Teanga Scoile (T1):**

**Úsáidimid an chlár seo tríd na scoile suas go rang 6. Tá an plean le feiceáil anseo (Aguisín 1)**

## Léitheoireacht:

**Aidhmeanna:**

Is é an aidhm don phlean seo chun structúr agus clár a thabhairt dona múinteoirí chun na páisti a chumasú chun:

- Feasacht ar phriontáil, feasacht fhóinéimeach, straitéisí aitheantais focal agus stór focal radhairc a fhorbairt.
- Feasacht ar scileanna tuisceanna agus stráitéisí.
  - Stráitéisí tuisceanna a fhorbairt chun tuiscint níos doimhne (ag tuar, ag léamh isteach, srl.)
- A dtuiscint agus a n-úsáid ar ghramadach, ar chomhréir agus ar phoncaíocht a leathnú.
- Forbair a dtuiscint ar shaibhreas agus ar éagsúlacht an ábhair léitheoireachta.
- Bain sult as an sásamh agus as an sásamh atá le baint as an léitheoireacht

**Feasacht Fóineolaíochta:**

Tá feasacht fhóineolaíoch lárnach d'fhorbairt scileanna na luathléitheoireachta agus forbrófar í, go háirithe sna Ranganna Sóisearacha, tríd;

- Feasacht siollaí: deighilt, cumasc, comhaireamh agus leithlisiú
- Feasacht focail
- Feasacht rím - rím, dánta, ag cruthú rím.
- feasacht fóinéimeach – cumasc, scriosadh, leithlisiú fuaimeanna tosaigh/mheánacha/deiridh, ionadú, deighilt.

Beidh FF mar fhócas do théarma i Naíonáin Bheaga agus múintear i gceachtanna gearra tríd go rang 2.

**Fónaic:**

Tosaíonn na páistí ag foghlaim fónaic na gaeilge i Naíonáin Bheaga. This becomes a great foundation for when they begin English Phonics in Term 2 of Naíonáin Mhóra. Tugtar

deiseanna rialta chun cleachtadh agus dul siar a dhéanamh ar na litreacha agus fuaimeanna. **Radharcfhocail:**
Múintear na radharcfhocail sna bunranganna ó naíonáin bheaga ar aghaidh. Baintear úsáid as cur chuige ilchéadfach chun gach radharcfhocail a mhúineadh.

**Am SAOL:**

Déanfar am SAOL 3 uair sa tseachtain. Tabharfar deiseanna rialta do pháistí léamh go ciúin ar feadh 10/15 nóiméad sa rang. Cinnteoidh an múinteoir go mbeidh ábhar léitheoireachta ag na páistí roimh am SAOL.

**Léamh os ard:**
Léifidh na múinteoirí os ard, ag múnlú líofacht agus ag smaoineamh os ard chomh maith lena stráitéisí tuisceanna eile. .

**Léitheoireacht roinnte:**
Déanfaidh na páistí léitheoireacht roinnte freisin, le páistí sa rang chéanna agus ranganna eile sa scoil. Is féidir leo léamh le páistí níos sine ag éisteacht le líofacht. Is féidir leo léamh le páistí níos óige freisin chun féinmhuinín a thogáil. Eagróidh na múinteoirí ranga an léitheoireacht roinnte. Leanann sé seo an mionsamhail: *NEPS Effective Interventions for Struggling Readers*.

**Timpeallacht Saibhir Priontáil:**

Tá saibhreas priontála sna seomraí ranga ar fad i nGaelscoil Thulach na nÓg. Áirítear leis seo cláir thaispeántais, cláir fógraí, lipéid agus póstaeir san imshaol timpeall orthu agus iad lán de phrionta cuí. Taispeánfaidh na seomraí ranga taispeántais i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Múintear straitéisí tuisceana tríd úsáid a bhaint as an gclár 'Building Bridges' le traschur ón mbéarla agus forbraítear iad trí obair ó bhéal agus obair scríofa.

Baintear úsáid as éagsúlacht leabhar agus pictiúrleabhar agus múnlaíonn an múinteoir an smaointeoireacht.

- Déanaim, breathnaíonn tú
- Déanaim, cabhraíonn tú
- Déanann tú, cabhraím
- Déanann tú, bhreathnaím

Moltar dul siar leanúnach dona stráitéisí. Déileáiltear leis na straitéisí tuisceana ar bhonn rialta ach múintear iad go follasach don scoil uile ag baint úsáide as an gcur chuige struchtúrtha scoile uile seo;

| | Naíonáin Bheaga | Naíonáin Mhóra | Rang 1 | Rang 2 | Rang 3 | Rang 4 | Rang 5 | Rang 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Smaoineamh os ord** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag déanamh tomhais** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag cruthú iomhánna** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag nascadh** | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag ceistiú** | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Díchódáil** | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag clárú** | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag roghnú pointí tábhachtacha** | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag léamh isteach** | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Ag déanamh achoimre** | | | | | | | ✓ | ✓ |
| **Ag soiléiriú** | | | | | | | ✓ | ✓ |

## Amchlár na stráitéisí tuisceanna:

| | Naíonáin Bheaga | Naíonáin Mhóra | Rang 1 | Rang 2 | Rang 3 | Rang 4 | Rang 5 + Rang 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deireadh Fómhair** | | *Ag déanamh tomhais* | Predicting<br>*Ag déanamh tomhais* | Predicting<br>*Ag déanamh tomhais* | Predicting<br>*Ag déanamh tomhais* | Predicting<br>*Ag déanamh tomhais* | Predicting<br>*Ag déanamh tomhais*<br>Visualising<br>*Ag cruthú íomhánna* |
| **Samhain** | | *Ag cruthú íomhánna* | Visualising<br>*Ag cruthú íomhánna* | Visualising<br>*Ag cruthú íomhánna* | Visualising<br>*Ag cruthú íomhánna* | Visualising<br>*Ag cruthú íomhánna* | Making Connections<br>*Ag Nascadh*<br>Questioning<br>*Ag Ceistiú* |
| **Nollaig** | | *Ag nascadh* | Making Connections<br>*Ag Nascadh* | Making Connections<br>*Ag Nascadh* | Making Connections<br>*Ag Nascadh* | Making Connections<br>*Ag Nascadh* | Clarifying<br>*Ag clárú*<br>Declunking<br>*Díchódáil* |
| **Eanáir** | | Predicting | Questioning<br>*Ag Ceistiú* | Questioning<br>*Ag Ceistiú* | Questioning<br>*Ag Ceistiú* | Questioning<br>*Ag Ceistiú* | Determining Importance<br>*Ag roghnú pointí tábhachtacha* |
| **Feabhra** | | Visualising | | Clarifying<br>*Ag clárú* | Clarifying<br>*Ag clárú* | Clarifying<br>*Ag clárú*<br>Declunking<br>*Díchódáil* | Summarising<br>*Ag déanamh achoimre* |
| **Márta** | *Ag déanamh tomhais* | Making Connections | | Declunking<br>*Díchódáil* | Declunking<br>*Díchódáil* | Determining Importance<br>*Ag roghnú pointí tábhachtacha* | Inferring<br>*Ag léamh isteach* |
| **Aibreáin** | *Ag cruthú íomhánna* | | | | Determining Importance<br>*Ag roghnú pointí tábhachtacha* | Inferring<br>*Ag léamh isteach* | Synthesising _ combining all strategies<br>*Ag soiléiriú* |
| **Bealtaine** | | | | | | Inferring<br>*Ag léamh isteach* | |

## **Úrscéalta**

Tá úrscéalta in úsáid againn ó rang 2 –6.
Is é an aidhm atá againn ná an taithí de fhíor-leabhar a thabhairt dona páistí. Is féidir leo a bheith ag léámh go neamhspléach agus i ngrúpa nó mar rang. Roghnófar na húrscéalta seo go cúramach ag díriú ar théacs tuairisciúil, forbairt carachtair, plota srl. Tá gach aon dealramh go mbeadh na leabhair seo léite ag na múinteoirí ranga sular dtosaíonn siad ag múineadh na téacsanna.

### Úsáid Foclóra:

Úsáidtear foclóra ó rang a trí ar aghaidh.

Caithfear am foirmeálta chun na páistí a mhúineadh conas foclóir a úsáid i gceart. Chun na críche seo, roghnófar foclóir atá oiriúnach do pháistí, agus gheobhaidh gach dalta an foilseachán céanna.

Beidh cupla foclóir níos sofaisticiúla ag Rang 5 agus Rang 6 stórchiste.

Tá an plean le gach sonra agus áis léitheoireacht lúite in Aguisín 2.

## Scríbhneoireacht

### **Aidhmeanna:**

I réimse na forbartha scríbhneoireachta, tá sé mar aidhm againn:

- scríbhneoirí inniúla muiníneacha a fhorbairt i ngach seánra scríbhneoireachta.
- feasacht ar phriontáil agus tuiscint ar chuspóir agus ar ghnásanna an chló a fhorbairt.
- Úsáid a bhaint as réimse stráitéisí tuisceanna.
- Scríobh do lucht féachúna agus spriocanna éagsúla.
- Foghlaim conas an scríbhneoireacht a chur in eagar agus a bheachtú agus tuiscint ar chur i láthair cuí a fhorbairt.
- Stíl pearsanta scríbhneoireacht a fhorbairt agus foghlaim conas idirdhealú a dhéanamh agus úsáid a bhaint as leibhéil chuí foirmiúlachta.
- Taithí scríbhneoireachta a roinnt.
- Úsáid a bhaint mas TFC agus iad ag foghlaim scríbhneoireacht agus chun obair na páistí a fhoilsiú.

### **Scríbhneoireacht:**

Díríonn an scoil ar an bpróiseas scríbhneoireachta chun cumas cumarsáideach agus léiritheach an pháiste a fhorbairt. Tríd an próiseas scríbhneoireachta, fiosróidh na páistí rogha ábhar a roghnófar go neamhspleách agus topaicí a roghnóidh an múinteoir a chuimseoidh seánraí éagsúla do lucht féachana éagsúla. Cuirfear deiseanna dona páistí le

bheith ag scríobh do spriocanna tábhachtacha agus do lucht féachúna éagsúla, ag aithint go bhfuil dréachtú, eagarthóireacht agus athdhréachtú i gcroílár phróiseas na scríbhneoireachta.

Bainfear úsáid as saorscríbhneoireacht le cur ar chumas na bpáistí a bheith ina scríbhneoirí neamhspleácha.

## Gnéithe den scríbhneoireachta:

- Lámhscríbhneoireacht
- Seanraí
- Litriú
- Gramadach
- Poncaíocht
- Stór Focal

## Lámhscríbhneoireacht:

- Spreagfar na daltaí le hardchaighdeán peannaireachta a fhorbairt agus a tháirgeadh ar fud na scoile.
- Tosaíonn Naíonáin Bheaga ag cleachtadh agus ag rianú pátrúin sular dtosaíonn siad ag foghlaim foirmíochtaí litreacha reatha.
- Foghlaimíonn na páistí conas litreacha reatha a scríobh i Naíonáin Bheaga. Leanaimid foirmíochtaí litreacha ón gclár scríbhneoireachta 'Scríobh Liom'. Tabharfar isteach foirmiú litreacha ag an am chéanna leis an bhfónaic agus déanfar athbhreithniú rialta air.
- Tabharfar na ceannlitreacha ceangailte i láthair i Naíonáin Mhóra.
- Cuirfear tús le script reatha agus ag ceangail na litreacha ó Théarma 3 i Naíonáin Mhóra/Rang 1 bunaithe ar chumas an pháiste.
- Ní bheidh tionchar ar cheannas láimhe. Moltar go n-úsáidfidh na páistí an lámh is compordaí dóibh.
- Toisc go raibh scríbhneoireacht cheangailte múinte dona páistí, moltar leanúint ar aghaidh ag scríobh mar sin. I gcásanna áirithe, moltar prionta a úsáid.
- Moltar an staidiúir cheart agus gréim  pencil grip i ngach rang.
- Scríobhann na páistí ó Naíonáin Bheaga – Rang 3 le peann luaidhe amháin. Moltar pinn luaidhe gambacha sna ranganna Naíonáin.
- Tabharfar isteach pinn ó Rang 4.
- Ní cheadítear Tippex sa scoil.
- Faoi rang 5 agus 6, beidh na páistí in ann a stíl phearsanta inléite agus líofa sa pheannaireacht a fhorbairt.

## Seanraí Scríbhneoireachta:

Nochtfar leanaí do gach seánra le linn na scoilbhliana, ach díreofar ar thrí cinn go sainráite gach bliain ag baint úsáide as scaoileadh freagrachta de réir a chéile. Tá pacáistí acmhainní scríbhneoireachta seánra ar fáil sa scoil chun cur le múineadh na

scríbhneoireachta. Déanfaidh páistí ar a laghad sampla amháin scríbhneoireachta as gach seánra a bhí trí phróiseas na scríbhneoireachta dá bpunann scríbhneoireachta gach scoilbhliain.

| **Bliain 1: 22-23** | | **Bliain 2: 23-24** | |
|---|---|---|---|
| Téarma 1 | Athinsint | Téarma 1 | Tuairisc |
| Téarma 2 | Insint | Téarma 2 | Áititheach |
| Téarma 3 | Treoracha a scríobh | Téarma 3 | Miniú |
| *Ag scríobh go sóisialta agus filíocht le múineadh le linn na bliana.* | | | |

**<u>Turas na scríbhneoireachta agus 7 gcéim chun seánra scríbhneoireachta a mhúineadh – PDST:</u>**

1. **Taithíochta**
2. **Ag anailísiú**
3. **Scríbhneoireacht mhúnlaithe**
4. **Scríbhneoireacht roinnte**
5. **Scríbhneoireacht threoraithe**
6. **Scríbhneoireacht neamhspleách**
7. **Cur i láthair don lucht féachana <u>Filíocht:</u>**

Chun an páistí a fhorbairt go mothúchánach agus go samhlaíoch, moltar go léifidh, go scríobhfaidh agus go hanailíseoidh siad réimse leathan dánta. Múnfar réimse forleathan de shaghas dánta freisin. Roghnaítear dánta ón gclár 'Seideann Sí' ó Naíonáin Bheaga go Rang 1, ón 'Abair Liom' ó Rang 2- 5 agus roghnaíonn na múinteoirí rang 6 dánta atá oiriúnach don rang.

**<u>Ag scríobh go sóisialta:</u>**

Nochtfar do pháistí freisin samplaí de na nithe seo a leanas agus múinfear go sainráite iad;

- Foirmeacha
- Ríomhphoist
- Litreacha
- Nótaí agus teachtaireachtaí
- Liosta
- Beannachtaí
- Cuireadh

**Saorscríbhneoireacht:**

- Ba chóir go bhfuil saorscríbhneoireacht idir 10-15 nóiméad.
- Ba chóir go bhfuil cóipleabhar spéisialta ann le dataí ar an obair.
- Déarfar leis na páistí roimh ré, nach mbeidh aon cheartúcháin déanta ar an scríbhneoireacht.
- Roghnódh na páistí an ábhar. B'fhéidir go mbeadh treor de dhíth ag roinnt páistí le tosú.
- Tugtar an deis an scríbhneoireacht a léamh amach don mhúinteoir.
- Ní chóir go bhfuil aon bhrú ar na páistí 'scríbhneoireacht' a dhéanamh. Féadfaidh an scríbhneoir drogallach pictiúir a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl.
- Ligeann Saor Scríbhneoireachta deis don mhúinteoir chun áit an foghlaimeora a mheas. Ligeann sé freisin don mhúinteoir earráidí coitianta scríbhneoireachta na bpáistí a úsáid mar fhócas/béimí teagaisc agus iad ag múnlú na scríbhneoireachta.
- **Ní bheidh an chóipleabhar saorscríbhneoireacht ceartaithe ag an múinteoir.** Níl an litriú mar fhócas don obair seo, an sproic atá ann ná teachtaireacht a chur in iúl.
- Rachaidh na páistí i mbun deiseanna saorscríbhneoireacht go rialta.
- I ranganna na naíonán, féadfaidh siad líníocht a dhéanamh ar théama nó topaic ar leith nó scríobh faoi. Féadfaidh an múinteoir gníomhú mar scríobhaí leis an teachtaireacht a chur in iúl.

*"Children learn to walk by walking; children learn to talk by talking and children learn to write by writing."*

**Litriú:**

Múintear an litriú go hoifigiúil ó Rang 2 ar aghaidh. Úsáideann an scoil Fuaimeanna agus focail ag leibhéal níos airde m.sh: Úsáideann na páistí i rang a dó 'Fuaimeanna agus focail Rang 3'. Foghlaimíonn rang 6 litriú bunaithe ar na riachtanais sa rang. Clúdaíonn an chlár go leor stráitéisí litriú. Aistrítear na scileanna ó Spellings for Me go dtí na litriú Gaeilge.

**Gramadach agus Poncaíocht:**

Gramadach: Múintear an ghramadach ar bhealach comhtháite bunaithe i dtosach báire ar an gcaint agus ansin ar an léitheoireacht. Déantar an ghramadach a mhúineadh ar bhealach foirmeálta i Ranganna 2-6 ach a bheith comhtháite mar atá luaite thuas. Is fiú i gcónaí an obair a dhéanamh agus a chleachtadh ó bhéal. Tá ranganna 2- 5 ag tabhairt faoin leabhar Abair Liom agus múintear an ghramadach in ord maidir leis seo. Tá cóipleabhar crua acu ó Rang 4 ar aghaidh agus leanann na cóipleabhair ar aghaigh leo go rang a 6. Úsáidtear 'An Lámhleabhar Gramadaí' lena páistí freisin.

Tá treorlíntí déanta amach againn do phoncaíocht mar áis. Beidh fhois ag gach múinteoir céárd a bhí clúdaithe roimhe seo. Seans go mbeadh forluí ann ach tá sé tábhachtach go ndéanann na páistí dul siar orthu agus iad ag scríobh tríd na bliana.

| | |
|---|---|
| **Naíonáin Bheaga** | Déanfar tagairt ar ceannlitreacha agus lánstadanna I Naíonáin bheaga ach ní bheidh siad múinte go hoifigiúil. |
| **Naíonáin Mhóra** | Ceannlitreacha agus lánstadanna |
| **Rang 1** | Ceannlitreacha, lánstadanna, comhartha ceiste. |
| **Rang 2** | Ceannlitreacha, lánstadanna, comhartha ceiste, comhartha uaillbhreasa. |
| **Rang 3** | Ceannlitreacha, lánstadanna, comhartha ceiste, comhartha uaillbhreasa, camóg. |
| **Rang 4** | Ceannlitreacha, lánstadanna, comhartha ceiste, comhartha uaillbhreasa, camóg, uaschamóg, comharthaí cainte. |
| **Rang 5** | Ceannlitreacha, lánstadanna, comhartha ceiste, comhartha uaillbhreasa, camóg, luibíní, idirstad, comhathaí cainte. |
| **Rang 6** | Ceannlitreacha, lánstadanna, comhartha ceiste, comhartha uaillbhreasa, camóg, luibíní, idirstad, comhathaí cainte, fleasc, idirstad. |

**Plean Gramadach na bliana:**

**Rang 2**

| | Gramadach | Briathra |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | An Forainm réamhfhoclach 'do'<br>Na huimhreacha pearsanta | Briathra agus ainmfhocail An bhfuil? Tá/Níl |
| **Deireadh Fómhair** | An Réamhfhocal 'sa'<br>Na réamhfhocail 'ar, an, faoin, agus in aice leis an' | An Aimsir Chaite – an chéad réimniú - leathan- consan + h An Aimsir Chaite – an chéad réimniú - caol – consan + h |
| **Samhain** | An t-am Orduithe | An Aimsir Chaite – an chéad réimniú - guta + d' / f agus d' +h |
| **Nollaig** | Súil Siar | Súil Siar |
| **Eanáir** | An Forainm réamhfhoclach 'ar' Na bunuimhreacha 1-20 | An Aimsir Chaite – an dara réimniú - consan + h |
| **Feabhra Márta** | An Forainm réamhfhoclach 'le'<br>An -<br>Ró - | An Aimsire chaite – an dara réimniú - guta +d'<br>An Aimsir Chaite – Na briathra neamhrialta – Abair + Beir |
| **Aibreáin** | An Forainm réamhfhoclach 'de' | An Aimsir Chaite – Na briathra neamhrialta – Bí + Clois |
| **Bealtaine** | An Aidiacht Shealbhach<br>An Forainm réamhfhoclach 'ag' | An Aimsir Chaite – Na briathra neamhrialta 'Déan + Faigh + Feic + Ith |
| **Meitheamh** | Na ceistfhocail<br>Na Forainmneacha réamhfhoclacha | An Aimsir Chaite – Na Briathra Neamhrialta ' Tabhair + Tar + Téigh' |

**Rang 3:**

| | Gramadach | Briathra |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | An forainm réamhfhoclach 'ag' An forainm réamhfhoclach 'ar' | An aimsir chaite – an chéad réimniú: *cuir*, *ól*, *fan*<br>An aimsir chaite – an dara réimniú: *ceannaigh*, *éirigh* |
| **Deireadh Fómhair** | An réamhfhocal 'i'<br>Na réamhfhocail 'trasna', 'timpeall' agus 'tríd' | An aimsir chaite – na briathra neamhrialta: *abair*, *beir*, *bí* An aimsir chaite – na briathra neamhrialta: *clois*, *déan*, *faigh* |
| **Samhain** | Cén t-am é?<br>Orduithe | An aimsir chaite – na briathra neamhrialta: *feic*, *ith*, *tabhair* An aimsir chaite – na briathra neamhrialta: *tar*, *téigh* |
| **Nollaig** | Súil Siar | Súil Siar |
| **Eanáir** | An chopail 'Is'<br>Na bunuimhreacha 1-100 | An aimsir láithreach – an chéad réimniú: *dún*, *caith, ól, éist* |
| **Feabhra Márta** | An Forainm réamhfhoclach 'le'<br>An- Ró- | An aimsir láithreach – an dara réimniú: *ceannaigh*, *éirigh, oscail, imir* An aimsir láithreach – na briathra neamhrialta: *abair*, *beir* |
| **Aibreáin** | An Forainm réamhfhoclach 'de' | An Aimsir Láithreach– Na briathra neamhrialta – Bí + Clois |
| **Bealtaine** | An Aidiacht Shealbhach<br>An Forainm réamhfhoclach 'do' | An Aimsir Láithreach – Na briathra neamhrialta 'Déan + Faigh + Feic + Ith |
| **Meitheamh** | Na ceistfhocail<br>Na céimeanna comparáide | An Aimsir Láithreach – Na Briathra Neamhrialta ' Tabhair + Tar + Téigh' |

**Rang 4:**

| | Gramadach | Briathra |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | An réamhfhocal 'i'<br>An aidiacht shealbhach | An aimsir chaite – briathra rialta an chéad réimniú:<br>An aimsir chaite – briathra rialta an dara réimniú |
| **Deireadh Fómhair** | Orduithe<br>An forainm réamhfhoclach 'le' | An aimsir chaite – briathra rialta an dara réimniú An aimsir chaite – na briathra neamhrialta:<br>*abair*, *beir*, *bí, clois* |
| **Samhain** | Na réamhfhocal agus an t-alt 'ar an, faoin, thar an, in aice leis an, sa, ag barr, ag bun, ar chúl, os comhair. Na dobhriathra: isteach/istigh, amach/amuigh | An aimsir chaite – na briathra neamhrialta:<br>*Déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh* |
| **Nollaig** | An t-am<br>An Forainm réamhfhoclach 'ag' | An Aimsir Láithreach - an chéad réimniú agus an dara réimniú - briathra rialta |
| **Eanáir** | An Forainm réamhfhoclach 'o' Na huimhreacha 1-100 | An aimsir láithreach – na briathra neamhrialta |
| **Feabhra** | An Forainm réamhfhoclach 'de'<br>'do' | *An Aimsir Fháistineach briatha rialta – an chéad réimniú* |
| **Márta** | An Forainm réamhfhoclach 'ar'<br>Focail Cheisteacha | *An Aimsir Fháistineach briatha rialta – an dara réimniú* |
| **Aibreáin** | An -<br>Ró -<br>Na céimeanna comparáide | An Aimsir Fháistineach– Na briathra neamhrialta – Abair + Beir + Bí + Clois |
| **Bealtaine** | An Forainm réamhfhoclach 'roimh'<br>'as' | An Aimsir Fháistineach – Na briathra neamhrialta 'Déan + Faigh + Feic<br>+ Ith |
| **Meitheamh** | Na horduimhreacha<br>Uatha agus iolra '+I' | An Aimsir Láithreach – Na Briathra Neamhrialta ' Tabhair + Tar + Téigh' |

**Rang 5**

| | Gramadach | Briathra |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | Na céimeanna comparáide - óg, sean, ard, beag, mór, maith, fuar, te<br>An aidiacht Shealbhach roimh consan agus guta | An aimsir chaite – briathra rialta an chéad réimniú:<br>An aimsir chaite – briathra rialta an dara réimniú |
| **Deireadh Fómhair** | An Forainm réamhfhoclach 'le' An- + Ró- | An aimsir chaite – briathra rialta an dara réimniú An aimsir chaite – na briathra neamhrialta:<br>*abair, beir, bí, clois* |
| **Samhain** | Na réamhfhocal 'ar, faoi, thar, in aice le, i, ar imeall, timpeall, idir, sa, ag barr, ag bun, taobh thiar de'.<br>Na dobhriathra: suas, thuas, síos, thíos | An aimsir chaite – na briathra neamhrialta:<br>*Déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh* |
| **Nollaig** | An t-am<br>An Forainm réamhfhoclach 'ag' | An Aimsir Láithreach - an chéad réimniú agus an dara réimniú - briathra rialta |
| **Eanáir** | An Forainm réamhfhoclach 'o' Na huimhreacha 1-100 | An aimsir láithreach –<br>na briathra neamhrialta |
| **Feabhra** | An Forainm réamhfhoclach 'de'<br>'do' | *An Aimsir Fháistineach briatha rialta – an chéad réimniú* |
| **Márta** | An Forainm réamhfhoclach 'ar'<br>Focail Cheisteacha | *An Aimsir Fháistineach briatha rialta – an dara réimniú*<br>An Aimsir Fháistineach– Na briathra neamhrialta – Abair + Beir + Bí + Clois + Déan |
| **Aibreáin** | Treoracha: tuisceart, deisceart, oirthear, iarthar<br>An Forainm réamhfhoclach 'faoi' | An Aimsir Fháistineach– Na briathra neamhrialta – Faigh + Feic + ith + tabhair + tar + téigh |
| **Bealtaine** | An Forainm réamhfhoclach 'chuig'<br>'as' | An Briathar Neamhrialta 'Bí'<br>An Briathar Neamhrialta 'Téigh' |
| **Meitheamh** | An Forainm réamhfhoclach 'roimh'<br>Uatha agus iolra '+I', 'anna' | An Briathar Neamhrialta 'Déan'<br>'Tar' |

**Rang 6**

| | Gramadach | Briathra |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | An aidiacht Shealbhach roimh consan agus guta | An Aimsir Láithreach - An chéad Réimniú (abair, beir, bí, clois, déan, faigh) |
| **Deireadh Fómhair** | An séimhiú agus úrú | An Aimsir Láithreach - An Dara Réimniú 'Feic,ith, tabhair, tar, téigh' |
| **Samhain** | Caol le Caol<br>Leathan le leathan | An Modh Coinníollach - An chéad réimniú |
| **Nollaig** | Súil Siar | An Modh Coinníollach - An dara réimniú + na briathra neamhrialta (abair, beir, bí, clois, déan, faigh) |
| **Eanáir** | Rialacha an t-ainmfhocal | Na briathra neamhrialta an Modh Coinníollach 'Feic, ith, tabhair, tar, téigh' |
| **Feabhra, Márta, Aibreáin, Bealtaine, Meitheamh** | An Tuiseal Ginideach 'ag imirt peile, i lár na páirce' | *Beidh rogha na múinteoirí ar siúl ina dhiaidh seo i rang a sé maidir le riachtanais na páistí agus dul siar.* |

**Modhanna Múinte:**

**Liosta do na réimse modhanna múinte atá in úsáid againn sa scoil:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Caint agus Plé | Léitheoireacht/scríbhneoireacht mhúnlaithe | Léitheoireacht/ scríbhneoireacht roinnte | Léitheoireacht/ scríbhneoireacht neamhspleách |
| Drámaíocht agus ról-imirt | Rannta agus dánnta | Úsáid TFC | Léamh os ard |
| Smaoineamh os ard | Foghlaim Gníomhach | Foghlaim comhoibríoch | Ceardlann Léitheoireachta |
| Ceardlann Scríbhneoireachta | Léamh córúil | Léitheoireacht le macalla | Amharclann léitheoir |
| Cluichí teanga | Scríobh próisis | Cathaoir scríbhneora | Caint Leabhar Chriticiúil |
| Díospóireacht | Teagasc Díreach | Cur i láthair don lucht féachana | Saor-scríbhnóireachta |
| Seanfhocail | Tascanna agus fadhbanna | Foghlaim Dhílis | Filíocht |

## Rannpháirtíocht Tuismitheoirí:

Toisc gurb iad na tuismitheoirí na bunoideachasóirí, meastar a rannpháirtíocht mar chuid lárnach d'fheidhmiú an churaclaim Teanga. Aithnímid freisin gur oideachasóirí príomhúla iad tuismitheoirí/caomhnóirí. Is mór againn a n-ionchur agus comhcheanglaímid a rannpháirtíocht le ról gairmiúil na múinteoirí. Tá ról ríthábhachtach acu i bhforbairt teanga a bpáistí. Is féidir le tuismitheoirí suim a léiriú i bhfoghlaim a bpáiste tríd a bheith ag léamh dá bpáistí, ag forbairt stór focal a bpáistí, ag éisteacht leis na páistí ag léamh, ag seiceáil a gcuid litrithe agus obair scríofa, ag tabhairt cuairt ar an leabharlann áitiúla. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis seo ag cruinnithe bliantúla tuismitheoirí agus múinteoirí nuair is gá.

## Obair Bhaile:

- D'fhéadfadh gníomhaíochtaí ó bhéal, léitheoireacht nó scríofa a bheith mar chuid de thascanna obair bhaile mar is cuí don leibhéal ranga.
- Molaimid go nglacfadh gach páiste páirt i gcineál éigin léitheoireachta gach lá. D'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist leis an léitheoireacht a shocraíonn an múinteoir, athbhreithniú ar obair an lae ar scoil, léamh mar chaitheamh aimsire nó réamhullmhú ábhair a dtiocfar orthu sa scoil an lá dár gcionn.
- Tugann na múinteoirí aird ar leibhéil éagsúla chumais na bpáistí agus iad ag socrú a dtascanna obair bhaile agus na rátaí éagsúla oibre. Spreagtar tuismitheoirí dul i dteagmháil le múinteoirí faoi deacrachtaí maidir le tascanna obair bhaile ionas gur féidir é a dhifreáil nuair is gá.
- Cabhraíonn obair bhaile leis an nasc scoil is baile a cruthú.

## Páistí le riachtanais speisialta

*Féach ar pholasaí SEN agus Polasaí Gaeilge Tír na nÓg atá iniata le seo.*

I múineadh na teanga i nGaelscoil Thulach na nÓg, is é an aidhm atá againn ná go bhfuil gach duine san áireamh. Glacfaidh gach páiste páirt i gceachtanna agus gníomhaíochtaí Gaeilge. Déantar idirdhealú chun riachtanais na páistí sa rang a chlúdú. Déanfar gach iarracht, le cabhair ó na múinteoirí tacaíochta an curaclam a mhúineadh ag léibhéal na páistí. Tá an foghlaim sa seomra ranga mar fhreagracht an múinteoir agus cabhraíónn na múinteoirí tacaíochta leo. Tá teagasc foirne, teagasc stáisiúin agus aistarraingt ar chuid de na modhanna comhtheagaisc a úsáidtear i rith na bliana.

I múineadh na teanga sa scoil tá sé mar aidhm againn a chinntiú go gcuirtear gach ceann san áireamh trí úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla cur chuige difreála, cuid acu;

- Toradh foghlama:
    - Leibhéal – éagsúlacht ar leibhéal agus ar chastacht an ábhair

- Seicheamh – tugtar ábhar isteach do dhaltaí bunaithe ar a leibhéal ullmhachta ➢ Toradh foghlama: ○ Freagairt – torthaí éagsúla a sholáthar ar an tasc ➢ Próiseas foghlama:
- Rogha – ag roghnú gníomhaíochtaí is suimiúla dóibh agus a thagann lena gcumas ○ Suim – Tascanna ceaptha lena sainspéiseanna i gcuimhne
- Luas – ag athrú an ráta ag a ndéantar an teagasc agus an ráta a chaithfidh daltaí oibriú
- Acmhainn – Cuireadh ábhair/acmhainní foghlama ar fáil do dhaltaí chun freastal ar a gcuid riachtanas foghlama ○ Tacaíocht – nádúr na tacaíochta a athrú ○ Tasc – éagsúlacht tascanna agus castacht
- Stíl an teagaisc – modheolaíochtaí a athrú chun na bealaí éagsúla ina bhfoghlaimíonn daltaí a léiriú

## Measúnú agus taifeadadh

Tá measúnú lárnach don phróiseas teagaisc agus foghlama. I nGaelscoil Thulach na nÓg bainimid úsáid as raon modhanna measúnaithe, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, ar bhonn leanúnach chun eolas a bhailiú faoi fhoghlaim, dul chun cinn agus ghnóthachtáil na bpáistí. I measc cuid acu tá;

- ➢ Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- ➢ Comhdhálacha múinteoirí agus daltaí
- ➢ Ceistiú: ceisteanna dúnta agus oscailte
- ➢ Mapáil choincheapeanna intinne
- ➢ Féinmheasúnú: Rúibricí, Seicliostaí, Ordóga, ABC.
- ➢ Breathnóireacht agus monatóireacht an mhúinteora

Déantar cuid mhór den mheasúnú ar an gcuraclam teanga trí **bhreathnóireacht agus monatóireacht neamhfhoirmiúi**l an mhúinteora. Áirítear leis seo éisteacht le páistí ag léamh, breathnú ar an méid a chuireann siad le ceachtanna teanga ó bhéal agus a gcuid oibre scríofa a cheartú. Gné thábhachtach den mheasúnú foirmitheach is ea an t-aiseolas a thugtar don fhoghlaimeoir agus is féidir é seo a dhéanamh ó bhéal nó trí thuairimí scríofa. Is é cuspóir an cheartúcháin seo ná a thaispeáint do na páistí cá bhfuil botúin déanta agus iad a spreagadh a chun na botúin seo a sheachaint amach anseo.

### Scrúdaithe Caighdeánacha

Ritheann muid tástálacha caighdeánaithe ar pháistaí de réir Imlitir 0138/2006. I mí na Bealtaine/Meitheamh na bliana cuirfear trialacha Béarla Dhroim Conrach ar fáil do gach rang ó Rang a hAon go dtí Rang a Sé. Toisc nach bhfuil na Naíonáin Shinsearacha ach tosaithe ag foghlaim Béarla ó mhí Eanáir, ní dhéantar triail fhoirmeálta Droim Conrach i mBéarla roimh

dheireadh na scoilbhliana seo. Seolfar torthaí trialacha eile chuig tuismitheoirí sa tuairisc deireadh bliana (cuireann muid seicliostaí naíonán freisin).

Úsáidtear torthaí na dtrialacha caighdeánaithe chun leanaí a bhfuil cúnamh breise de dhíth orthu a aithint, agus tugtar tús áite do leanaí a fhaigheann scór ag an 20ú peircintíl nó faoina bhun.

## Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoirí Aonaracha

Tabharfaidh an plean seo agus na Doiciméid Curaclaim eolas agus treoir do mhúinteoirí ina bpleanáil oibre fadtéarmach agus gearrthéarmach. Beidh an plean teanga seo ar fáil do mhúinteoirí le dul i gcomhairle leis agus iad ag pleanáil. Coimeádfaidh gach múinteoir Cuntas Míosúil – cáipéis a cuireann síos ar an teagasc agus an fhoghlaim a dhéantar gach mí – san fhillteán roinnte ar líne, a thabharfaidh treoir dár ndul chun cinn agus ár riachtanais agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár ndul chun cinn sa Teanga.

## Forbairt Proifisiúnta:

Is féidir na scileanna a fhoghlaimítear tríd na cúrsaí seo a roinnt le múinteoirí eile. Aithnítear riachtanais forbartha foirne ag cruinnithe rialta foirne nó ag cruinnithe bainistíochta scoile agus tugtar aghaidh orthu seo trí phlé, trí leas a bhaint as saineolas inmheánach agus/nó soláthar acmhainní riachtanacha. Tá an fhoireann i dteagmháil leis an tsraith de sheimineáir ghréasáin PLC a chuir an PDST ar fáil.

## Leabharlann Ranga:

Tá leabharlann i ngach seomra ranga sa scoil. Tá go leor leabhar ar fáil sa leabharlann i ngaeilge freisin. Cabhraíonn na páistí l'eagraíocht an leabharlann. Fuaireamar go leor leabhar nua i mbliana don leabharlann scoile freisin agus tá deis ag na páistí dul ann leis an rang chun leabhar spéisiúila a fháil gach coicíse. Téann siad ar chuairt go dtí an leabharlann áitiúla gach bliain freisin.

## Achmhainní agus TFC:

Sa scoil, tá na hachmhainní seo a leanas againn chun cabhrú linn an polasaí seo a chur i bhfeidhm. • Seideann Sí

- Abair Liom
- Cleite
- Leabhair móra
- Úrscéal ranga
- Leabharlann Ranga
- Clár Fónaic na Gaeilge
- Fónaic agus rann, cleachtaí agus greann
- Fonn Fónaice
- Building Bridges
- Turas na scríbhneoireachta

- Taispeántais dhátheangach
- Taisceanna Tuisceanna
- Féasta Focail
- Fuaimeanna agus Focail

**TFC:**

**Aithnímid poitéinseal agus luach TFC chun deiseanna foghlama a fheabhsú. Bainfear úsáid as TFC sa seomra ranga agus i suíomhanna tacaíochta chun tacú le múineadh agus foghlaim an Ghaeilge**

- Tá clár idirgníomhach i ngach seomra ranga.
- Tá iPadanna (30) againn don scoil.
- Cód na Gaeilge agus aipeanna eile orthu.
- Tá ríomhaire glúine ag gach múinteoir ceangailte le clóithóir.
- Is féidir lena páistí TFC a úsáid chun cabhrú leo agus iad ag scríobh sna seanraí srl.

**<u>Critéir chun toradh a bhaint amach :</u>**

Déanfar rath an phlean seo a mheas trí mhonatóireacht an mhúinteora agus aiseolas ó mhúinteoirí, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí. Déanfaimid breithiúnas ar a dul chun cinn má tá feabhas curtha ar fhoghlaim na bpáistí ar na bealaí seo a leanas;

***Teanga ó bhéal***

- ➢ Muinín agus inniúlacht sa chumarsáid a mhéadú
- ➢ Toilteanas níos mó tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí ranga
- ➢ Scileanna éisteachta a fheabhsú

***Léitheoireacht***

- ➢ Caighdeáin chuí sa léitheoireacht tríd an scoil
- ➢ Rannpháirtíocht mhéadaithe sa léitheoireacht neamhspleách
- ➢ Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i dtacú agus cabhrú leis na páistí lena sealbhú litearthachta ➢ Taithí a fháil ar an léitheoireacht mar ghníomhaíocht thaitneamhach

***Scríbhneoireacht***

- ➢ Líofacht agus soiléireacht níos fearr sa chumarsáid agus san eispéiris foghlama

- ➢ Cur le taithí na scríbhneoireachta i seánraí éagsúla, lena n-áirítear scéalta agus dánta a roinnt le chéile ➢ Cur i láthair na hoibre a fheabhsú
- ➢ Ag baint úsáide as meáin éagsúla sa scríbhneoireacht

**Cur i bhfeidhm agus Athbhreithniú:**

Dréachtaíodh an plean seo mar thoradh ar chomhoibriú agus ar chomhairliúchán foirne tar éis na hoiliúna don PLC agus an gá le hathbhreithniú le linn na scoilbhliana 23-24.

Beidh an fhoireann ar fad freagrach as an bplean teanga seo a chur i bhfeidhm.

Leanfar le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean le linn na scoilbhliana 23-24 chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go barrmhaith é. Tacófar le cur i bhfeidhm an phlean ag; múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta.

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an plean scoile seo ar _________________

Sínithe: ___________________________________________

*Cathaoirleach, Bord Bainistíochta na scoile*

**Aguisín 1:** **Catagóir: Caidreamh sóisialta a dhéanamh (R.C. lch. 78)**

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Naíonáin | Ranganna 1 agus 2 | Ranganna 3 agus 4 | Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
